Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach @ 6.00i.n.**
***Fáilte roimh cách***

## RNLI

Beidh bailiúchán ar mhaithe leis an RNLI taobh amuigh de gheataí na Séipéil ar an deireadh seachtaine **27ú 28ú Meitheamh**

***Míle buíochas as bhur dtacaíocht***

## CHY3 Scéim Aisíoc Cánach na gCarthanachtaí:

Seo scéim a mbaineann an Paróiste tairbhe as chun aisíoc cánach a fháil ar síntiús os cionn €250. Tá muid thar a bheith sásta agus buíoch as ucht an tacaíocht a fuair muid go dtí seo. An tseachtain seo chugainn beidh muid ag seoladh an fhoirm CHY3 ag chuile dhuine a thug síntiús ós cionn €250 anuraidh (2025) **agus nach bhfuil foirm sínithe acu go dtí seo.**

Seol ar ais an fhoirm CHY3 sa clúdach iniata chomh luath agus is féidir leat le do thoil.
***Míle Buíochas as bhur dtacaíocht***

## Biseach 2026

Beidh Biseach, irisleabhar Chumann Forbartha Chois Fharraige, á fhoilsiú arís i mbliana.
Má tá suim agatsa píosa a scríobh do Bhiseach na bliana seo, ba bhreá linn cloisteáil uait!

Má phós tú i 2025 nó má tá sé de rún agat pósadh i mbliana agus gur mhaith leat go mbeadh do phictiúr bainise san iris, seol chugainn iad!
Beidh fáilte mhór freisin roimh sheanphictiúirí.
Ba mhaith linn cloisteáil freisin ó dhaoine a raibh páistí acu i mbliana nó anuraidh le freagra na ceiste seo:
Cén cineál Cois Fharraige ar mhaith leat a fheiceáil do do pháiste?

Féadfaidh do fhreagra a bheith chomh fada nó chomh gearr agus is maith leat agus ba bhreá linn pictiúr de do pháistín freisin!
Bí i dteagmháil linn ag:
**biseach2026@gmail.com**



# Paróiste An Spidéil
## An Triú Domhnach Déag A
27ú/28ú Meitheamh 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745
***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ⌖ | | | ***Cill Éinde, An Spidéal*** | |
| Dé Domhnaigh | 28ú | 11.00r.n. | | |
| Dé Céadaoin | 1ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populа* | |
| Déardaoin | 2ú | 10.00r.n. | John Mc Donagh | *Cré Dhubh* |
| Dé hAoine | 3ú | 10.00r.n. | Margaret, Mike & Jim Harte<br>Máire, Pádraig & Maidhc Mac Donnchadha | *Sligeach*<br>*Cré Dhubh* |
| Dé Domhnaigh | 5ú | 11:00r.n. | Cathy Mc Cluskey **Céad Cuimhneachán**<br>Nora & Patrick Mc Cluskey<br>Patsy Ó Ceannabháin<br>Mike Ó Curraoin & a bhean Máire Larry<br>& neacht le Máire Larry Mairín Feeney La Tourette<br>**Céad Cuimhneachán** | *Baile an tSagairt*<br>*Bóthar na hAbhann*<br>*Bóthar na hAbhann*<br>*Páirc*<br><br>*San Fransisco* |
| ⌖ | | | ***Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*** | |
| Dé Sathairn | 27ú | 6:30i.n. | Sorcha Ní Dhonnacha **Céad Cuimhneach án** | *Ros a'Mhíl/Indreabhán* |
| Dé Sathairn | 4ú | 6:30i.n. | | |
| ⌖ | | | ***Cill Mhuire, Na Minna*** | |
| Dé Domhnaigh | 28ú | 9:30am | | |
| Dé Domhnaigh | 5ú | 9:30am. | | |



## Aifrinn an tSamhraidh sa Reilig

Reilig an Choilligh………Dé Luain (3ú Lúnasa @ 6pm.

**Loinneog don Iontróid—** Sm 46:2
Buailigí bhur mbosa, a chiníocha uile; gairdigí do Dhia le teann lúcháire.

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
Ba é do thoil, a Thiarna, go mbeimis inár gclann de chuid an tsolais trí ghrásta an altrama dhiaga. Ná lig dúinn, impímid ort, dul in achrann i scáilí na hearráide; go bhfanaimid go buan gan scamall faoi lonradh an tsolais. Sin é ár nguí chugat trí Chríost dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht** *2 Ríthe 4:8-11. 14-16*
*Sliocht as dara leabhar na Ríthe*
Lá amháin agus Elisea ar a bhealach go Siúnaem, chuir bean uasal a bhí ina cónaí ann tathant air fanacht agus tráth bia a bheith aige ann. As sin amach dhéanadh sé moill i gcónaí le haghaidh béile nuair a thagadh sé an bealach sin. Dúirt sí lena fear céile: "Féach, táim cinnte gur fear naofa le Dia an fear seo a bhíonn ag síorthaisteal an bealach seo againne. Tógaimis seomra beag ar an díon dó agus cuirimis leaba ann fána choinne agus bord agus cathaoir agus lampa; uair ar bith dá dtagann sé chugainn, is féidir leis a scíste a dhéanamh ann."
Lá amháin a tháinig sé, isteach leis sa seomra in airde agus chuaigh sé a luí. "Cad is féidir a dhéanamh ar a son seo?" a d'fhiafraigh sé. D'fhreagair Gehazi: "Bhuel, níl mac ar bith aici, agus tá a fear céile aosta." Dúirt Elisea: "Cuir fios uirthi." Ghlaoigh an searbhónta uirthi agus sheas sí ag an doras. "Bliain ón am seo," ar seisean, "beidh mac i do bhaclainn agat."
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**
**Salm le Freagra** *Sm 88*

Fr: *Canfaidh mé de shíor faoi do bhuanghrá, a Thiarna.*

1. Canfaidh mé de shíor faoi do bhuanghrá, a Thiarna;
fógróidh mé do dhílseacht ó glúin go ghlúin.
Óir daingníodh do bhuanghrá go síoraí
agus tá do dhílseacht chomh buan leis na flaithis.
*(Fr.)*

2. Is aoibhinn don phobal arb eol dóibh thú a mholadh,
a shiúlann faoi sholas do ghnúise, a Thiarna,
a dhéanann lúcháir i d'ainm de shíor,
a ardaítear le d'fhíréantacht. *(Fr.)*

3. Óir is tusa glóir a gcumhachta,
agus trí d'fhabhar ardaítear ár neart.
Óir is leis an Tiarna ár sciath,
agus is le Neach Naofa Isráél ár rí. *(Fr.)*

**An Dara Léacht** *Rómhánaigh 6:3-4. 8-11*
*Sliocht as litir N. Pól chuig na Rómhánaigh*

**A** bhráithre, an é nach dtuigeann sibh, gach duine againn a baisteadh in Íosa Críost, gur ina bhás a baisteadh é. Go deimhin comhadhlacadh sinn sa bhás leis tríd an mbaisteadh i dtreo go siúlóimisne freisin i mbeatha úrnua, faoi mar a tógadh Críost ó mhairbh trí chhumhacht an Athar.
Ach má fuaireamar bás mar aon le Críost, creidimid go mbeimid beo mar aon leis chomh maith. Tá a fhios againn ó tógadh Críost ó mhairbh nach bhfaighidh sé bás níos mó. Níl aon cheannas ag an mbás air feasta, mar an bás a fuair sé, ba bhás é ó thaobh an pheaca de, don aon uair amháin go deo, ach is beatha le Dhia a bheatha feasta. Ar an gcuma chéanna ní mór daoibhse a mheas gur daoine sibh chomh maith atá marbh ó thaobh an pheaca de agus beo le Dhia in Íosa Críost.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
'Is mise solas an tsaoil,' a deir an Tiarna.
'An té a leanfaidh mise, beidh aige solas na beatha.'
**Alleluia!**

**An Soiscéal** *Matha 10:37-42*
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Maitiú*

Dúirt Íosa lena aspail "An té arb ansa leis athair nó máthair ná mé, níl sé diongbhála dom, agus an té arb ansa leis mac nó iníon ná mé, níl sé diongbhála dom; agus an té nach nglacann a chrois agus mise a leanúint, níl sé diongbhála dom. An té a fhaigheann a bheatha, caillfidh sé í; ach an té a chaillfidh a bheatha mar gheall ormsa, gheobhaidh sé í.
"An té a ghlacann sibhse, glacann sé mise; agus an té a ghlacann mise, glacann sé an té a chuir uaidh mé. An té a ghlacann fáidh as ucht gur fáidh é, is tuarastal fáidh a gheobhaidh; agus an té a ghlacfaidh fíréan as ucht gur fíréan é, is tuarastal fíréin a gheobhaidh.
"Agus má thugann duine ar bith oiread is an cupán d'fhíoruisce do dhuine den mhuintir bheag seo, as ucht gur deisceabal é, ní bheidh sé gan a thuarastal a fháil."
*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,**
**chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

**Os Cionn na nOfrálacha**
A Dhia, cuireann tú do ghrásta I bhfeidhm orainn trí do rúndiamhra féin. Go ndéana an tAifreann seo muid a ullmhú do thabhartais bhreise uait. Sin é ár nguí chugat trí Chríost dTiarna. **Amen.**

*Rúndiamhair an chreidimh :*
**Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraimid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.**

**Iargomaoineach**
Go ndéana an tAifreann agus an chomaoineach seo páirteach muid I do bheatha, impímid ort a Thiarna. Go n-aontaítear muid go buan leat i gcuing na carthanachta, agus go raibh do dhéirc i gcónaí againn á cleachtadh ar an saol seo. Sin é ár nguí chugat trí Chríost dTiarna. **Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***
Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh,
Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia. **Buíochas le Dia, Allelui**